



An Bhruiséil, 14 Samhain 2025
(OR. en)

15411/25
ADD 1

FISC 314
ECOFIN 1517
DELECT 172

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	12 Samhain 2025
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	C(2025) 7541 final
Ábhar:	IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an RIALACHÁN TARMLIGTHE ÓN gCOIMISIÚN lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1636 a mhéid a bhaineann le sonraí na ndoiciméad arna malartú i gcomhthéacs gluaiseachta earraí máil

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2025) 7541 final.

Faoi iamh: C(2025) 7541 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.11.2025
C(2025) 7541 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

RIALACHÁN TARMLIGTHE ÓN gCOIMISIÚN

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1636 a mhéid a bhaineann le sonraí na ndoiciméad arna malartú i gcomhthéacs gluaiseachta earraí máil

IARSCRÍBHINN

'IARSCRÍBHINN I

Teachtaireachtaí a úsáidtear chun críche gluaiseachtaí earraí máil atá faoi fhionraí dleachta máil nó a scaoileadh cheana lena dtomhailt i gcríoch Ballstáit amháin agus a ghluaistear go críoch Ballstáit eile chun go seachadfaí ansin iad chun críoch tráchtála

NÓTAÍ MÍNIÚCHÁIN

1. Déanfar na heilimintí sonraí de na teachtaireachtaí leictreonacha¹ a mhalartófar i gcomhréir le hAirteagail 20 go 25 agus le hAirteagail 36 agus 37 de Threoir (AE) 2020/262 a struchtúru i ngrúpaí sonraí agus, i gcás inarb infheidhme, i bhfoghrupaí sonraí mar a leagtar amach i dTáblaí 1 go 9 den Iarscríbhinn seo. Beidh an fhaisnéis seo a leanas sna colúin i dTáblaí 1 go 9:
 - (a) colún A: an cód uimhriúil (uimhir) a shanntar do gach grúpa sonraí agus gach foghrúpa sonraí. Leanann gach foghrúpa uimhir sheichimh an ghrúpa sonraí nó an fhoghrúpa sonraí a bhfuil sé ina chuid de (cuir i gcás: I gcás inarb é 1 an uimhir grúpa sonraí, is é 1.1 uimhir ceann d'fhoghrúpaí sonraí an ghrúpa sin agus is é 1.1.1 uimhir ceann d'fhoghrúpaí sonraí an fhoghrúpa sin);
 - (b) colún B: an cód aibítreach (litir) a shanntar do gach eilimint sonraí i ngrúpa sonraí nó i bhfoghrupa sonraí;
 - (c) colún C: sainaitheantas an ghrúpa sonraí nó an fhoghrúpa sonraí nó na heilimintí sonraí;
 - (d) colún D: luach le haghaidh gach grúpa sonraí nó foghrúpa sonraí nó eilimint sonraí lena dtugtar le fios, maidir le hiontráil na sonraí comhfhreagracha, cé acu atá an iontráil sin:
 - (i) éigeantach ('É'), is é sin nach mór na sonraí a thabhairt. Aon uair a bhíonn roghnach ('R') nó coinníollach ('C') luaite le grúpa nó foghrúpa, is féidir fós go mbeadh 'É' luaite le heilimintí sonraí sa ghrúpa sin i gcás inar chinn údaráis inniúla an Bhallstáit nach mór na sonraí sa ghrúpa nó san fhoghrúpa sin a chomhlánú nó i gcás ina bhfuil feidhm leis an gcoinníoll;
 - (ii) roghnach ('R'), is é sin go bhfuil sé de rogha ag an duine atá ag tíolacadh na teachtaireachta (an coinsíneoir nó an coinsíní) sonraí a chur isteach nó gan iad a chur isteach, ach amháin i gcás inar luaigh Ballstát go bhfuil na sonraí sin éigeantach i gcomhréir leis an rogha dá bhforáiltear i gcolún E i gcás cuid de na grúpaí sonraí nó foghrúpaí sonraí roghnacha nó de na heilimintí sonraí roghnacha;

¹ I gcás ina mbeidh, i gcomhréir le hAirteagal 9 den Rialachán seo, feidhm ag ceanglais áirithe den Iarscríbhinn seo maidir leis na doiciméid chúltaca dá dtagraítear in Airteagail 26, 27, 38 agus 37 de Threoir (AE) 2020/262, beidh feidhm ag na nótaí míniúcháin *mutatis mutandis* maidir leis na doiciméid sin.

- (iii) coinníollach ('C'), is é sin go mbíonn úsáid an (fho)ghrúpa sonraí nó na heiliminte sonraí ag brath ar (fho)ghrúpaí sonraí eile nó ar eilimintí sonraí sa teachtaireacht chéanna;
 - (iv) spleách ('S'), is é sin go mbíonn úsáid an (fho)ghrúpa sonraí nó na heiliminte sonraí ag brath ar choinníoll nach féidir é a sheiceáil tríd an gcóras ríomhairithe, dá bhforáiltear i gcolúin E agus F.
- (e) i gcolún E tá an coinníoll/na coinníollacha maidir leis na sonraí sin a bhfuil a n-iontráil faoi choinníoll, sonraítear úsáid na sonraí roghnacha agus spleácha i gcás inarb infheidhme agus luaitear cad iad na sonraí nach mór do na húdaráis inniúla a sholáthar;
- (f) i gcolún F tá míniúcháin, nuair is gá, a bhaineann le tabhairt i gcrích na teachtaireachta;
- (g) i gcolún G soláthraítear an méid seo a leanas:
- (i) i gcás cuid de na grúpaí sonraí agus foghrúpaí sonraí, uimhir agus an carachtar 'x' ar a lorg, lena dtugtar le fios cá mhéad uair is féidir an grúpa sonraí nó an foghrúpa sonraí a athlua sa teachtaireacht (réamhshocrú = 1);
 - (ii) i gcás gach eiliminte sonraí, cé is moite de na heilimintí sonraí lena dtugtar an t-am agus/nó an dáta, na saintréithe lena sainítear an cineál sonraí agus fad na sonraí. Is iad na cóid le haghaidh na gcineálacha sonraí 'a' le haghaidh 'aibítreach', 'u' le haghaidh 'uimhriúil' agus 'au' le haghaidh 'alfa-uimhriúil'.
- Cuireann an uimhir i ndiaidh an chóid in iúl cad é fad inghlactha na sonraí i gcás na heiliminte sonraí i dtrácht. Cuireann an dá phonc roghnacha roimh tháscaire an fhaid in iúl nach bhfuil aon fhad seasta ag baint leis na sonraí, ach gur féidir suas le méid áirithe digití a bheith iontu, de réir mar atá sainithe le táscaire an fhaid. Camóg istigh san fhad sonraí, tugann sí le fios gur féidir deachúlacha a bheith sna sonraí; tugann an digit roimh an gcamóg le fios cad é fad iomlán na haitreabúide agus tugann an digit ar lorg na camóige le fios cad é an t-uaslíon digití ar lorg an phointe dheachúlaiigh.
- (iii) I gcás eilimintí sonraí lena dtugtar an t-am agus/nó an dáta, luaigh 'dáta', 'am' nó 'dátaAm', is é sin le rá nach mór an dáta, an t-am nó an dáta agus an t-am a thabhairt de réir chaighdeán ISO 8601 um chur in iúl dátaí agus ama.

2. Úsáidtear na giorrúcháin seo a leanas i dTáblaí 1 go 9:

- (a) 'e-AD': doiciméad riaracháin leictreonach;
- (b) 'e-SAD': doiciméad riaracháin leictreonach simplithe;
- (c) 'ARC': cód tagartha riaracháin;

- (d) ‘SEED’: an Córas um Sonraí Máil a Mhalartú dá dtagraítear in Airteagal 19(1) de Rialachán (AE) Uimh. 389/2012 ón gComhairle²;
- (e) ‘Uimhir EORI’: Uimhir Cláraithe agus Aitheantais Oibreoirí Eacnamaíocha;
- (f) ‘Cód AC’: Cód Ainmníochta Comhcheangailte;
- (g) ‘MRN’: Máistir-Uimhir Thagartha,

² Rialachán (AE) Uimh. 389/2012 ón gComhairle an 2 Bealtaine 2012 maidir le comhar riaracháin i réimse na ndleachtanna máil agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2073/2004 (IO L 121, 8.5.2012, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2012/389/oj>).

Tábla 1

(dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4 agus in Airteagal 9(1))

Dréachtdoiciméad riaracháin leictreonach (simplithe) agus doiciméad riaracháin leictreonach (simplithe)

A	B	C	D	E	F	G
		<i>AITREABÚID</i>	É			
	<i>a</i>	Cineál na Teachtaireachta maidir le Cur Isteach	É		<p>Is iad seo a leanas na luachanna a d'fhéadfadh a bheith ann:</p> <p>1 = Cur isteach caighdeánach,</p> <p>2 = (forchoimeádta),</p> <p>3 = Iarratas maidir le Dleacht Íoctha (le húsáid le haghaidh gluaiseachtaí earraí atá scaoilte cheana lena dtomhailt).</p> <p>Ní luafar an cineál teachtaireachta tiolactha san e-AD/e-SAD a bhfuil ARC sannta dó, ná sa doiciméad cúltaca dá dtagraítear in Airteagal 9(1).</p>	u1
	<i>b</i>	Táscaire um Thíolacadh Iarchurtha	D	'É' i gcás tíolacadh e-AD/e-SAD maidir le gluaiseacht a bhfuil tús curtha léi faoi chumhdach an doiciméid cúltaca dá dtagraítear in Airteagal 9(1).	<p>Luachanna a d'fhéadfadh a bheith ann:</p> <p>0 = bréagach,</p> <p>1 = fíor.</p> <p>'Bréagach' atá an luach de réir an réamhshocraithe.</p> <p>Ní luafar an eilimint sonraí san e-AD/e-SAD a bhfuil CTR sannta dó, ná sa doiciméad cúltaca dá dtagraítear</p>	u1

					in Airteagal 9(1).	
<i>l</i>		<i>GLUAISEACHT MHÁIL</i>	É			
	<i>a</i>	Cód Cineáil Cinn Scribe	É		<p>Tabhair ceann scríbe na gluaiseachta trí cheann de na luachanna seo a leanas a úsáid:</p> <p>1 = Tradstóras cánach (Airteagal 16(1), pointe (a)(i), de Threoir (AE) 2020/262),</p> <p>2 = Coinsíní cláraithe (Airteagal 16(1), pointe (a)(ii), de Threoir (AE) 2020/262),</p> <p>3 = Coinsíní atá cláraithe go sealadach (Airteagal 16(1), pointe (a)(ii), agus Airteagal 18(3) de Threoir (AE) 2020/262),</p> <p>4 = Seachadadh díreach (Airteagal 16(4) de Threoir (AE) 2020/262),</p> <p>5 = Coinsíní díolmhaithe (Airteagal 16(1), pointe (a)(ii), de Threoir (AE) 2020/262),</p> <p>6 = Onnmhairiú (pointí (iii) agus (v) d'Airteagal 16(1)(a) de Threoir (AE) 2020/262),</p> <p>7 = (forchoimeáda),</p> <p>8 = Ceann scríbe anaithnid (coinsíní anaithnid; Airteagal 22 de Threoir (AE) 2020/262),</p> <p>9 = Ceann scríbe – Coinsíní deimhnithe (Airteagal 33(1) de Threoir (AE) 2020/262),</p>	u..2

					<p>10 = Ceann Scribe – Coinsíní atá Deimhnithe go Sealadach (Airteagail 33(1) agus 35(8) de Threoir (AE) 2020/262),</p> <p>11 = Ceann scríbe – Filleadh ar an áit seolta as ar sheol an Coinsíneoir (Airteagal 36(5) de Threoir (AE) 2020/262).</p>	
<i>b</i>	Fad Ama Turais	É		<p>Tabhair an gnáthfhad ama is gá le haghaidh an turais, agus an chóir iompair agus an fad bealaigh i gceist á gcur san áireamh, arna léiriú in uaireanta (H) nó laethanta (D) agus uimhir dhá dhigit ina dhiaidh (samplaí: H12, nó D04). Beidh an tásca le haghaidh ‘H’ níos lú ná 24 nó cothrom leis. Beidh an tásca le haghaidh ‘D’ níos lú ná luachanna féideartha Uasfhad Ama an Turais de réir an Chóid Modha Iompair atá i Liosta cód 12 in Iarscríbhinn II nó cothrom leo.</p>	au3	
<i>c</i>	Socrú Iompair	É		<p>Sainithin an duine atá freagrach as an gcéad iompair a eagrú trí cheann de na luachanna seo a leanas a úsáid:</p> <p>1 = Coinsíneoir,</p> <p>2 = Coinsíní,</p> <p>3 = Úinéir earraí,</p> <p>4 = Eile.</p>	u1	
<i>d</i>	ARC	É	Le cur ar fáil ag údaráis inniúla an Bhallstáit seolta nuair a bheidh bailíochtú an dréacht-e-AD/e-SAD déanta	Féach Liosta cód 2 in Iarscríbhinn II.	au21	

	<i>e</i>	Dáta agus Am Bailíochtaíthe an e-AD/e-SAD	É	Le cur ar fáil ag údaráis inniúla an Bhallstáit seolta nuair a bheidh bailíochtú an dréacht-e-AD/e-SAD déanta	Am áitiúil is ea an t-am seolta.	dáta agus am
	<i>f</i>	Sraithuimhir	É	Le cur ar fáil ag údaráis inniúla an Bhallstáit seolta nuair a bheidh bailíochtú an dréacht-e-AD/e-SAD déanta agus maidir le gach athrú cinn scríbe	Socraítear í ag 1 agus an bailíochtú tosaigh á dhéanamh, agus ansin 1 d'incrimint léi i ngach e-AD/e-SAD a ghineann údaráis inniúla an Bhallstáit seolta gach uair a dhéantar athrú cinn scríbe.	u..2
	<i>g</i>	Dáta agus Am Bailíochtaíthe an e-AD	C	Dáta agus am bailíochtaíthe na teachtaireachta faoi athrú cinn scríbe i dTábla 3, le cur ar fáil ag údaráis inniúla an Bhallstáit seolta i gcás athrú cinn scríbe	Am áitiúil is ea an t-am seolta.	dáta agus am
2		<i>TRÁDÁLAÍ</i> <i>Coinsíneoir</i>	É			
	<i>a</i>	Uimhir Mháil an Trádálaí	É		Tabhair cláruimhir SEED bhailí an choimeádaí trádstórais údaraithe, an choinsíneora chláraithe, an choinsíneora dheimhnithe nó an choinsíneora dheimhnithe shealadaigh.	au.13
	<i>b</i>	Ainm an Trádálaí	É			au..182
	<i>c</i>	Ainm Sráide	É			au..65
	<i>d</i>	Uimhir na Sráide	R			au..11
	<i>e</i>	Cód poist	É			au..10
	<i>f</i>	Cathair	É			au..50
	<i>g</i>	NAD_LNG	É		Tabhair an cód teanga a thugtar i Liosta cód 1 in Iarscríbhinn II chun an teanga atá le húsáid sa ghrúpa	a2

					sonraí seo a shainiú.	
3		<i>TRÁDÁLAÍ Áit seolta</i>	C	‘É’ más ionann Cód Cineáil Tionscnaimh i mbosca 9d agus ‘1’ nó ‘3’		
	<i>a</i>	Tagairt Trádstórais Cánach	C	‘É’ más ionann Cód Cineáil Tionscnaimh i mbosca 9d agus ‘1’	Tabhair cláruimhir bhailí SEED an trádstórais cánach seolta.	au13
	<i>b</i>	Ainm an Trádálaí	C	Maidir le bosca 3b, 3c, 3e agus 3f:		au..182
	<i>c</i>	Ainm Sráide	C	‘É’ más é ‘3’ an Cód Cineáil Tionscnaimh i mbosca 9d		au..65
	<i>d</i>	Uimhir na Sráide	R			au..11
	<i>e</i>	Cód poist	C			au..10
	<i>f</i>	Cathair	C			au..50
	<i>g</i>	NAD_LNG	C		‘É’ má bhaintear úsáid as an réimse téacs comhfhreagrach	Tabhair an cód teanga a thugtar i Liosta cód 1 in Iarscríbhinn II chun an teanga atá le húsáid sa ghrúpa sonraí seo a shainiú.
4		<i>OIFIG an tSeolta – Allmhairiú</i>	C	‘É’ más é ‘2’ an Cód Cineáil Tionscnaimh i mbosca 9d		
	<i>a</i>	Uimhir Thagartha na hOifige	É		Tabhair cód na hoifige custaim atá freagrach as scaoileadh le haghaidh saorchúrsaíochta. Féach Liosta cód 4 in Iarscríbhinn II.	au8
5		<i>TRÁDÁLAÍ Coinsíní</i>	C	‘É’, seachas i gcás Chód Cineáil Cinn Scríbe 8 <i>(Féach na Cóid Cineáil Cinn Scríbe i mbosca 1a)</i>		

<i>a</i>	Aitheantas an Trádálaí	C	<p>‘É’ i gcás Chód Cineáil Cinn Scríbe 1, 2, 3, 4, 9, 10 agus 11</p> <p>‘R’ i gcás Chód Cineáil Cinn Scríbe 6</p> <p>Ní bhaineann an eilimint sonraí seo le hábhar i gcás Chód Cineáil Cinn Scríbe 5</p> <p><i>(Féach na Cód Cineáil Cinn Scríbe i mbosca 1a)</i></p>	<p>Maidir le Cód Cineáil Cinn Scríbe:</p> <ul style="list-style-type: none"> – 1, 2, 3, 4, 9 agus 10: tabhair cláruimhir SEED bhailí an choimeádaí trádstórais údaraithe, an choinsíní chláráithe, an choinsíní atá cláráithe go sealadach, an choinsíní dheimhnithe nó an choinsíní atá deimhnithe go sealadach, – i gcás 6: tabhair uimhir aitheantais CBL an duine a bhfuil ionadaíocht á déanamh aige ar an gcoinsíneoir ag an oifig onnmhairiúcháin. – i gcás 11: tabhair cláruimhir SEED bhailí an choinsíní, arb é coinsíneoir deimhnithe bunaidh nó coinsíneoir na gluaiseachta atá deimhnithe go sealadach é. 	au..16
<i>b</i>	Ainm an Trádálaí	É			au..182
<i>c</i>	Ainm Sráide	É			au..65
<i>d</i>	Uimhir na Sráide	R			au..11
<i>e</i>	Cód poist	É			au..10
<i>f</i>	Cathair	É			au..50
<i>g</i>	NAD_LNG	É		Tabhair an cód teanga a thugtar i Liosta cód 1 in Iarscríbhinn II chun an teanga atá le húsáid sa ghrúpa sonraí seo a shainiú.	a2
<i>h</i>	Uimhir EORI	C	– ‘R’ i gcás Chód Cineáil Cinn Scríbe 6	Tabhair uimhir EORI an duine atá freagrach as an dearbhú onnmhairiúcháin a thaisceadh mar a leagtar	au..17

				<ul style="list-style-type: none"> Ní bhaineann an eilimint sonraí seo le hábhar i gcás na gCód Cineáil Cinn Scríbe 1, 2, 3, 4, 5, 8, 9, 10 ná 11. <p><i>(Féach na Cóid Cineáil Cinn Scríbe i mbosca 1a)</i></p>	amach in Airteagal 21(1) de Threoir (AE) 2020/262.	
6		<i>COMHLÁNÚ TRÁDÁLAÍ Coinsíní</i>	C	<ul style="list-style-type: none"> ‘É’ i gcás Chód Cineáil Cinn Scríbe 5 <p><i>(Féach na Cóid Cineáil Cinn Scríbe i mbosca 1a)</i></p>		
	<i>a</i>	Cód Ballstáit	É		Tabhair an Ballstát cinn scríbe tríd an gCód Tíre i gcóidliosta 3 in Iarscríbhinn II a úsáid.	a2
	<i>b</i>	Sraithuimhir an Deimhnithe Díolúine	R		Tabhair sraithuimhir, má tá sí luaite ar an deimhniú díolúine ar dhleacht mháil arna bhunú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2022/1637 ón gCoimisiún ³	au..255
7		<i>TRÁDÁLAÍ Áit Seachadta</i>	C	<ul style="list-style-type: none"> ‘É’ i gcás Chóid Cineáil Cinn Scríbe 1, 4, 9 agus 10 ‘R’ i gcás Chóid Cineáil Cinn Scríbe 2, 3 agus 5 Níl feidhm aige seachas sin. <p><i>(Féach na Cóid Cineáil Cinn Scríbe i mbosca 1a)</i></p>	<p>Tabhair áit iarbhír sheachadta na n-earraí máil.</p> <p>Maidir le Cód Cineáil Cinn Scríbe 2, is mar seo a leanas atá an grúpa sonraí:</p> <ul style="list-style-type: none"> ‘R’ le haghaidh an e-AD, ós rud é gur féidir leis an mBallstát seolta an bosca seo a chomhlánú le seoladh an choinsíní chláráithe arna shainiú in 	

³ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1637 ón gCoimisiún an 5 Iúil 2022 lena leagtar síos na rialacha maidir le cur i bhfeidhm Threoir (AE) 2020/262 ón gComhairle a mhéid a bhaineann le húsáid doiciméad i gcomhthéacs gluaiseacht earraí máil faoi shocrú fionraí dleachta agus i gcomhthéacs gluaiseacht earraí máil tar éis iad a scaoileadh lena dtomhailt, agus lena leagtar síos an fhoirm a úsáidfean le haghaidh an deimhnithe díolúine (IO L 247, 23.9.2022, lch. 57, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/1637/oj).

				SEED, – ní bhaineann le hábhar i gcás an dréacht-e-AD.		
	<i>a</i>	Aitheantas an Trádálaí	C	– ‘É’ i gcás Chóid Cineáil Cinn Scríbe 1, 9 agus 10 – ‘R’ i gcás Chóid Cineáil Cinn Scríbe 2, 3 agus 5 <i>(Féach na Cóid Cineáil Cinn Scríbe i mbosca 1a)</i>	Maidir le Cód Cineáil Cinn Scríbe: – i gcás 1: tabhair cláruimhir SEED bhailí an trádstórais cinn scríbe, – 2, 3, 5, 9 agus 10: tabhair uimhir aitheantais CBL nó aon aitheantóir eile.	au..16
	<i>b</i>	Ainm an Trádálaí	C	– ‘É’ i gcás Chóid Cineáil Cinn Scríbe 1, 2, 3, 5, 9 agus 10 – ‘R’ i gcás Chód Cineáil Cinn Scríbe 4 <i>(Féach na Cóid Cineáil Cinn Scríbe i mbosca 1a)</i>		au..182
	<i>c</i>	Ainm Sráide	C	Maidir le bosca 7c, 7e agus 7f:		au..65
	<i>d</i>	Uimhir na Sráide	R	– ‘É’ i gcás Chóid Cineáil Cinn Scríbe 2, 3, 4, 5, 9 agus 10		au..11
	<i>e</i>	Cód poist	C	– ‘R’ i gcás Chód Cineáil Cinn Scríbe 1		au..10
	<i>f</i>	Cathair	C	<i>(Féach na Cóid Cineáil Cinn Scríbe i mbosca 1a)</i>		au..50
	<i>g</i>	NAD_LNG	C	‘É’ má bhaintear úsáid as an réimse téacs comhfhreagrach	Tabhair an cód teanga a thugtar i Liosta cód 1 in Iarscríbhinn II chun an teanga atá le húsáid sa ghrúpa sonraí seo a shainiú.	a2
8		<i>OIFIG Áit Seachadta –</i>	C	‘É’ i gcás onnmhairiú (Cód Cineáil Cinn Scríbe 6)		

	<i>Custaim</i>		<i>(Féach na Cóid Cineáil Cinn Scribe i mbosca 1a)</i>			
	<i>a</i>	Uimhir Thagartha na hOifige	É		Tabhair cód na hoifige onnmhairiúcháin ina ndéanfar an dearbhú onnmhairiúcháin a thaisceadh. Féach Liosta cód 4 in Iarscríbhinn II.	au8
<i>9</i>		<i>e-AD/e-SAD</i>	É			
	<i>a</i>	Uimhir Thagartha Áitiúil	É		Sraithuimhir uathúil arna sannadh don e-AD/e-SAD ag an gcoinsíneoir trína n-aithnítear an choinsíneacht i dtaifid an choinsíneora.	au..22
	<i>b</i>	Uimhir an tsonraisc	É		Tabhair uimhir an tsonraisc a bhaineann leis na táirgí. Mura bhfuil an sonrasc ullmhaithe fós, tabharfar uimhir an nóta seachadta nó uimhir aon doiciméid iompair eile.	au..35
	<i>c</i>	Dáta an tSonraisc	R	Féadfaidh an Ballstát seolta cinneadh a dhéanamh 'É' a lua leis na sonraí seo	Dáta an doiciméid atá léirithe i mbosca 9b.	Dáta
	<i>d</i>	Cód Cineáil Tionscnaimh	É		Is iad seo a leanas na luachanna féideartha a bhaineann le háit tionscnaimh na gluaiseachta: 1 = Tionscnamh — Trádstóras cánach (sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 16(1)(a) de Threoir (AE) 2020/262), 2 = Tionscnamh — Allmhairiú (sa chás dá dtagraítear in Airteagal 16(1), pointe (b), de Threoir (AE) 2020/262), 3 = Tionscnamh – Dleacht Íoctha (sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 33(1) de Threoir (AE) 2020/262).	u1

<i>e</i>	Dáta Seolta	É		Dáta tosaithe na gluaiseachta i gcomhréir le hAirteagal 19(1) nó Airteagal 33(3) de Threoir (AE) 2020/262. Ní féidir an dáta seo a bheith níos déanaí ná 7 lá i ndiaidh an dáta a tiolacadh an dréacht-e-AD/e-SAD. Is féidir gur dáta san am a chuaigh thart an dáta seolta sa chás dá dtagraítear in Airteagail 26 nó 38 de Threoir (AE) 2020/262.	Dáta
<i>f</i>	Am Seolta	R	Féadfaidh an Ballstát seolta cinneadh a dhéanamh ‘É’ a lua leis na sonraí seo	Am tosaithe na gluaiseachta i gcomhréir le hAirteagal 19(1) nó Airteagal 33(3) de Threoir (AE) 2020/262. Am áitiúil is ea an t-am seolta.	Am
<i>g</i>	ARC réamhtheachtach	D	Le cur ar fáil ag údaráis inniúla an Bhallstáit seolta nuair atá bailíochtú á dhéanamh ar e-ADanna nua i ndiaidh bailíochtú a dhéanamh ar an teachtaireacht ‘Oibríocht na roinnte’(Tábla 5)	Is é ARC an e-AD a bhfuil e-AD nua tagtha ina áit an ARC atá le cur ar fáil. Féach Liosta cód 2 in Iarscríbhinn II.	au..21
<i>9.1</i>	<i>DEARBHÚ CUSTAIM ALLMHAIRIÚCH ÁIN</i>	C	‘É’ más ionann Cód Cineáil Tionscnaimh i mbosca 9d agus ‘2’ (allmhairiú)		<i>9X</i>
<i>a</i>	Uimhir an Dearbhaithe Custaim Allmhairiúcháin	É	Is é an coinsíneoir a chuirfidh Uimhir an Dearbhaithe Custaim Allmhairiúcháin ar fáil tráth a bheidh an dréacht-e-AD á chur isteach, nó cuirfidh údaráis inniúla an Bhallstáit seolta isteach í nuair a bheidh bailíochtú déanta ar an dréacht-e-AD	Tabhair uimhir/uimhreacha an Dearbhaithe/na nDearbhuithe Custaim Allmhairiúcháin a bheidh in úsáid maidir le scaoileadh na dtáirgí atá i gceist le haghaidh saorchúrsaíochta.	au..21
<i>10</i>	<i>OIFIG Údarás Inniúil tráth an tSeolta</i>	É			
<i>a</i>	Uimhir Thagartha na hOifige	É		Tabhair cód oifig na n-údarás inniúil sa Bhallstát seolta atá freagrach as rialú máil ag an láthair sheolta.	au8

					Féach Liosta cód 4 in Iarscríbhinn II.	
11		<i>RÁTHAÍOCHT GLUAISEACHTA</i>	É			
	<i>a</i>	Cód Cineáil Ráthóra	É		Sainigh an duine (nó na daoine) atá freagrach as an ráthaíocht a thabhairt trí chód cineáil ráthóra a thabhairt i Liosta cód 5 in Iarscríbhinn II.	n..4
12		<i>TRÁDÁLAÍ Ráthóir</i>	C	‘É’ má tá feidhm ag ceann de na Cóid Cineáil Ráthóra seo a leanas: 2, 3, 12, 13, 23, 24, 34, 123, 124, 134, 234 nó 1234 <i>(Féach Cód Cineáil Ráthóra i Liosta cód 5 in Iarscríbhinn II)</i>	Sainigh an t-iompróir agus/nó úinéir na n-earraí má thugann siad an ráthaíocht.	2X
	<i>a</i>	Uimhir Mháil an Trádálaí	R	Féadfaidh an Ballstát seolta cinneadh a dhéanamh ‘É’ a lua leis na sonraí seo	Tabhair cláruimhir bhailí SEED nó uimhir aitheantais CBL an iompróra nó úinéir na n-earraí máil.	au13
	<i>b</i>	Uimhir CBL	R			au..14
	<i>c</i>	Ainm an Trádálaí	C	Maidir le 12c, d, f agus g:		au..182
	<i>d</i>	Ainm Sráide	C	‘R’ má thugtar Uimhir Mháil an Trádálaí, nó ‘É’ seachas sin		au..65
	<i>e</i>	Uimhir na Sráide	R			au..11
	<i>f</i>	Cód poist	C			au..10
	<i>g</i>	Cathair	C			au..50
	<i>h</i>	NAD_LNG	C	‘É’ má bhaintear úsáid as an réimse téacs comhfhreagrach	Tabhair an cód teanga a thugtar i Liosta cód 1 in Iarscríbhinn II chun an teanga atá le húsáid sa ghrúpa sonraí seo a shainiú.	a2

13		<i>MODH IOMPAIR</i>	É			
	<i>a</i>	Cód Modha Iompair	É		Tabhair an modh iompair tráth tosaithe na gluaiseachta, trí na cóid i Liosta cód 6 in Iarscríbhinn II a úsáid. Más rud é gurb é ‘Níl aon ráthaíocht tugtha de réir Airteagal 17(2) agus Airteagal 17(5) de Threoir (AE) 2020/262’ an Cód Cineáil Ráthóra atá ann, is é an Cód Modha Iompair nach mór a bheith ann ‘Suiteáil Sheasta Iompair’ nó ‘Iompar Mara’.	u..2
	<i>b</i>	Faisnéis Chomhlántach	C	‘É’ más ionann Cód Modha Iompair agus ‘Eile’ ‘R’ seachas sin	Tabhair tuairisc théacsúil ar an modh iompair.	au..350
	<i>c</i>	Faisnéis Chomhlántach_L NG	C	‘É’ má bhaintear úsáid as an réimse téacs comhfhreagrach	Tabhair cód teanga, féach Liosta cód 1 in Iarscríbhinn II chun an teanga atá le húsáid sa ghrúpa sonraí seo a shainiú.	a2
14		<i>TRÁDÁLAÍ Socraitheoir Iompair</i>	C	‘É’ chun an duine atá freagrach as an gcéad iompar a shainiú má é ‘3’ nó ‘4’ an luach i mbosca 1c		
	<i>a</i>	Uimhir CBL	R	Féadfaidh an Ballstát seolta cinneadh a dhéanamh ‘É’ a lua leis na sonraí seo		au..14
	<i>b</i>	Ainm an Trádálaí	É			au..182
	<i>c</i>	Ainm Sráide	É			au..65
	<i>d</i>	Uimhir na Sráide	R			au..11
	<i>e</i>	Cód poist	É			au..10

	<i>f</i>	Cathair	É			au..50
	<i>g</i>	NAD_LNG	É		Tabhair an cód teanga a thugtar i Liosta cód 1 in Iarscríbhinn II chun an teanga atá le húsáid sa ghrúpa sonraí seo a shainiú.	a2
15		<i>TRÁDÁLAÍ Céadiompróir</i>	R	Féadfaidh an Ballstát seolta cinneadh a dhéanamh 'É' a lua leis na sonraí seo	Sainigh an duine atá ag tabhairt faoin gcéad iompar.	
	<i>a</i>	Uimhir CBL	R			au..14
	<i>b</i>	Ainm an Trádálaí	É			au..182
	<i>c</i>	Ainm Sráide	É			au..65
	<i>d</i>	Uimhir na Sráide	R			au..11
	<i>e</i>	Cód poist	É			au..10
	<i>f</i>	Cathair	É			au..50
	<i>g</i>	NAD_LNG	É		Tabhair cód teanga, féach Liosta cód 1 in Iarscríbhinn II chun an teanga atá le húsáid sa ghrúpa sonraí seo a shainiú.	a2
16		<i>MIONSONRAÍ IOMPAIR</i>	É			99X
	<i>a</i>	Cód Aonaid Iompair	É		Tabhair an Cód (na Cóid) Aonaid Iompair a bhaineann leis an modh iompair a léirítear i mbosca 13a. Féach Liosta cód 7 in Iarscríbhinn II.	u..2

<i>b</i>	Aitheantas na nAonad Iompair	C	‘É’ murab ionann Cód Aonaid Iompair agus ‘5’ <i>(Féach bosca 16a.)</i>	Cuir isteach cláruimhir an aonaid (na n-aonad) iompair murab é 5 an Cód Aonaid Iompair.	au..35
<i>c</i>	Aitheantas an tSéala Tráchtála	R		Tabhair aitheantóir na séalaí tráchtála, má úsáidtear a leithéidí chun an t-aonad iompair a shéalú.	au..35
<i>d</i>	Faisnéis faoin Séala	R		Tabhair aon fhaisnéis bhreise a bhaineann leis na séalaí tráchtála sin (e.g. na cineálacha séalaí a úsáideadh).	au..350
<i>e</i>	Faisnéis faoin Séala_LNG	C	‘É’ má bhaintear úsáid as an réimse téacs comhfhreagrach	Tabhair an cód teanga a thugtar i Liosta cód 1 in Iarscríbhinn II chun an teanga atá le húsáid sa ghrúpa sonraí seo a shainiú.	a2
<i>f</i>	Faisnéis Chomhlántach	R		Tabhair aon fhaisnéis bhreise a bhaineann leis an iompar, e.g. aitheantas aon iompróra a dhéanann iompar ina dhiaidh sin, faisnéis maidir le haonaid iompair a dhéanann iompar ina dhiaidh sin.	au..350
<i>g</i>	Faisnéis Chomhlántach_LNG	C	‘É’ má bhaintear úsáid as an réimse téacs comhfhreagrach	Tabhair an cód teanga a thugtar i Liosta cód 1 in Iarscríbhinn II chun an teanga atá le húsáid sa ghrúpa sonraí seo a shainiú.	a2
<i>17</i>	<i>Corp an e-AD/e-SAD</i>	É		Ní mór grúpa sonraí faoi leith a úsáid le haghaidh gach táirge atá sa choinsíneacht.	999x
<i>a</i>	Tagairt Uathúil Taifid Coirp	É		Tabhair uimhir sheichimh uathúil, ag tosú le 1.	u..3
<i>b</i>	Cód Táirge Máil	É		Tabhair an Cód Táirge Máil is infheidhme – féach Liosta cód 10 in Iarscríbhinn II. Más rud é gurb é ‘Níl aon ráthaíocht tugtha de réir	au4

					<p>Airteagal 17(2) agus in Airteagal 17(5) de Threoir (AE) 2020/262⁴ an Cód Cineáil Ráthóra atá ann, is é an Cód Táirge Máil nach mór a bheith ann cód táirge máil táirge fuinnimh.</p> <p>Ní bheidh feidhm ag Cód Táirge Máil S600 ach amháin maidir le e-SAD de bhun Airteagal 27(1), pointe (a), de Threoir 92/83/CEE ón gComhairle⁴</p>	
	<i>c</i>	Cód AC	É		<p>Tabhair an Cód AC is infheidhme ar dháta an tseolta.</p> <p>Ní mór luach na heiliminte sonraí sin a bheith níos mó ná nialas.</p>	u8
	<i>d</i>	Cainníocht	É		<p>Tabhair an chainníocht (arna sloinneadh de réir an aonaid tomhais a bhaineann leis an gcód táirge – féach Liostaí cód 10 agus 11 in Iarscríbhinn II).</p> <p>Maidir le gluaiseacht chuig coinsíní cláraithe dá dtagraítear in Airteagal 18(3) de Threoir (AE) 8/2020/CE agus coinsíní deimhnithe dá dtagraítear in Airteagal 35(8) de Threoir 2020/262, ní bheidh an chainníocht níos mó ná an chainníocht a údaraiodh dó a fháil.</p> <p>Maidir le gluaiseacht chuig eagraíocht dhíolmhaithe dá dtagraítear in Airteagal 11 de Threoir (AE) 2020/262, ní bheidh an chainníocht thar an gcainníocht atá cláraithe sa deimhniú díolúine ó</p>	u..15,3

⁴ Treoir 92/83/CEE ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 1992 maidir le struchtúir dleachtanna máil ar alcól agus deochanna alcólacha a chomhchuibhiú (IO L 316, 31.10.1992, lch. 21, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/1992/83/oj>).

					dhleacht mháil. Ní mór luach na heiliminte sonraí sin a bheith níos mó ná nialas.	
<i>e</i>	Ollmhais	É			Tabhair ollmhais na coinsíneachta (na hearraí máil agus iad faoi phacáistíocht). Ní mór luach na heiliminte sonraí sin a bheith níos mó ná nialas. Ní mór an Ollmhais a bheith comhionann leis an nGlanmhais nó níos mó ná í.	u..16,6
<i>f</i>	Glanmhais	É			Tabhair mais na dtáirgí máil agus gan iad faoi phacáistíocht (i gcás alcóil agus deochanna alcólacha, táirgí fuinnimh agus gach táirge tobac cé is moite de thoitíní). Ní mór luach na heiliminte sonraí sin a bheith níos mó ná nialas. Ní mór an Ollmhais a bheith comhionann leis an nGlanmhais nó níos mó ná í.	u..16,6
<i>g</i>	Nearth alcóil de réir Toirte mar Chéatadán	C	- 'É' más infheidhme le haghaidh an earra máil atá i gceist		Tabhair neart an alcóil (céatadán de réir toirte ag 20 °C) más infheidhme i gcomhréir le Liosta cód 10 in Iarscríbhinn II. Ní mór luach na heiliminte sonraí seo a bheith níos mó ná nialas. Ní mór gur mó ná 0,5 agus gur lú ná 100 nó gur cothrom le 100 luach na míre sonraí seo.	u..5,2

<i>h</i>	Céim Plato	D	<p>‘É’ más beoir an earra máil atá i gceist agus má ghearrann an Ballstáit seolta agus/nó an Ballstát cinn scríbe cáin ar bheoir ar bhonn chéim Plato</p> <p>-‘R’ más beoir an earra máil atá i gceist agus mura ghearrann an Ballstáit seolta ná an Ballstát cinn scríbe cáin ar bheoir ar bhonn chéim Plato</p> <p>- Níl feidhm aige maidir le haon rud seachas beoir.</p>	<p>I gcás beorach, luaigh an Chéim Plato má ghearrann an Ballstát seolta agus/nó an Ballstát cinn scríbe cáin ar bheoir ar an mbunús sin. Féach Liostaí cód 10 agus 13 in Iarscríbhinn II.</p> <p>I gcásanna ‘R’, ní líonfar isteach é ach amháin má tá féidearthacht ann go n-athrófaí Ceann Scríbe chuig Ballstát a ghearrann cáin ar bheoir ar Chéim Plato agus go bhfuil an luach in easnamh.</p> <p>Ní mór luach na heiliminte sonraí sin a bheith níos mó ná nialas.</p>	u..5,2
<i>i</i>	Marcáil Fhioscach	R		Tabhair aon fhaisnéis bhreise a bhaineann leis an marcáil fhioscach a theastaíonn ón mBallstát cinn scríbe.	au..350
<i>j</i>	Marcáil Fhioscach_LNG	C	‘É’ má bhaintear úsáid as an réimse téacs comhfhreagrach	Tabhair an cód teanga a thugtar i Liosta cód 1 in Iarscríbhinn II chun an teanga atá le húsáid sa ghrúpa sonraí seo a shainiú.	a2
<i>k</i>	Táscaire um Úsáid Marcála Fioscaí	D	‘É’ má bhaintear úsáid as marcáil fhioscach	Cuir isteach ‘1’ má tá marcáil fhioscach ar na hearraí nó má tá marcáil fhioscach iontu, nó cuir isteach ‘0’ mura bhfuil marcáil fhioscach orthu nó iontu.	u1
<i>l</i>	Ainmniúchán Tionscnaimh	R		<p>Is féidir úsáid a bhaint as an mbosca seo le dearbhú a thabhairt:</p> <p>1. I gcás fionta áirithe, a bhaineann leis an ainmniúchán tionscnaimh nó leis an tasc geografach faoi chosaint (ATFC nó TGFC) agus leis an mbliain eisiúna nó leis an gcineál fionchaoire, i gcomhréir le hAirteagail 24 agus 31 de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2018/273 ón</p>	au..350

					<p>gCoimisiún⁵, déanfar an Deimhniú de réir na dtéarmaí a luaitear i mbosca 9 de Chuid I d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/273. Más ATFC nó TGTC é an táirge, cuirtear i ndiaidh na dtéarmaí sin ainm(neacha) an ATFC nó an TGTC agus an uimhir chláir nó na huimhreacha cláir a bhaineann leis, de réir mar a fhoráiltear in Airteagal 119(1), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶.</p> <p>2. i gcás deochanna biotáilleacha áirithe, a mbaineann an mhargaíocht a dhéantar orthu le catagóir nó catagóirí na biotáille, leis an tásca geografach (TG) agus/nó le tréimhse aibithe/aois an táirge, i gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha de chuid an Aontais maidir le deochanna biotáilleacha (go háirithe Airteagail 10 agus 13(6), Caibidil III agus Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/787 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁷) tabharfar an deimhniú sna téarmaí seo a leanas: <i>'Deimhnítear leis seo, maidir leis an táirge a bhfuil tuairisc tugtha</i></p>
--	--	--	--	--	--

⁵ Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/273 ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2017 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le scéim na n-údaruithe i gcomhair planduithe fíniúnacha, an clár fíonghort, doiciméid tionlacain agus deimhniúchán, an clár isteach agus amach, dearbhuithe éigeantacha, fógraí agus foilsiú faisnéise ar tugadh fógra fúithi, agus lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na seiceálacha agus pionóis ábhartha, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 555/2008, (CE) Uimh. 606/2009 agus (CE) Uimh. 607/2009 ón gCoimisiún agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 436/2009 ón gCoimisiún agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/560 ón gCoimisiún (IO L 58, 28.2.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2018/273/oj).

⁶ Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margái i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1308/oj>).

⁷ Rialachán (AE) 2019/787 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair agus lipéadú deochanna biotáilleacha, úsáid ainmneacha deochanna biotáilleacha i gcur i láthair agus lipéadú earraí bia eile, agus cosaint tásca geografach le haghaidh deochanna biotáilleacha, úsáid alcól eitile agus driogáití de thionscnamh talmhaíochta i ndeochanna alcólacha, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 (IO L 130, 17.5.2019, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2019/787/oj>).

					<i>air, go margaítear agus go lipéadaítear é de réir Rialachán (AE) 2019/787.</i>	
<i>m</i>	Ainmniúchán Tionscnaimh_LN G	C	‘É’ má bhaintear úsáid as an réimse téacs comhfhreagrach		Tabhair an cód teanga a thugtar i Liosta cód 1 in Iarscríbhinn II chun an teanga atá le húsáid sa ghrúpa sonraí seo a shainiú.	a2
<i>u</i>	Méid an Táirgeora	R			Maidir le deochanna alcólacha a tháirgeann táirgeoirí beaga neamhspleácha féindeimhnithe, tabharfar an chainníocht táirgthe bhliantúil i gcomhréir le hAirteagal 5(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme 2021/2266 ón gCoimisiún ⁸ i gcás ina bhfuil sé beartaithe ráta dleachta máil laghdaithe a éileamh sa Bhallstát cinn scríbe. Beidh luach na heiliminte sonraí seo níos mó ná nialas.	n..15
<i>o</i>	Dlús	C	‘É’ más infheidhme le haghaidh an earra máil atá i gceist		Tabhair an dlús ag 15 °C, más infheidhme i gcomhréir le Liosta cód 10 sa tábla in Iarscríbhinn II. Ní mór luach na heiliminte sonraí sin a bheith níos mó ná nialas.	u..5,2
<i>p</i>	Tuairisc Tráchtála	R	Féadfaidh sé go gcinneadh an Ballstát soláthar na sonraí sin a bheith riachtanach		Tabhair tuairisc tráchtála ar na hearraí ionas gur féidir na táirgí atá le hiompar a shainiú. Maidir le hiompar i mbulc na bhfionta dá dtagraítear i	au..350

⁸ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2266 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2021 lena leagtar síos rialacha chun Treoir 92/83/CEE ón gComhairle a chur i bhfeidhm a mhéid a bhaineann le táirgeoirí beaga neamhspleácha deochanna alcólacha a dheimhniú agus a fhéindeimhniú chun críocha dleachta máil (IO L 455, 20.12.2021, lch. 26, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/2266/oj).

					<p>mír 1 go mír 9, mír 15 agus mír 16 i gCuid II d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, beidh sa tuairisc ar an táirge na sonraí roghnacha a leagtar amach in Airteagal 120 den Rialachán sin, ar choinníoll go dtaispeántar iad ar an lipéad nó go bhfuil sé beartaithe iad a thaispeáint ar an lipéad.</p> <p>Maidir le haon deoch bhiotáilleach, áireofar sa tuairisc tráchtála an t-ainm dlíthiúil atá uirthi i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) 2019/787.</p>	
<i>q</i>	Tuairisc Tráchtála_LNG	C	'É' má bhaintear úsáid as an réimse téacs comhfhreagrach	Tabhair an cód teanga a thugtar i Liosta cód 1 in Iarscríbhinn II chun an teanga atá le húsáid sa ghrúpa sonraí seo a shainiú.	a2	
<i>r</i>	Ainm Branda Táirgí	D	'É' má tá ainm branda ar na hearraí. Féadfaidh an Ballstát seolta a chinneadh nach gá ainm branda na dtáirgí a iompraítear a sholáthar má tá an t-ainm sin luaite sa sonrasc nó i ndoiciméad tráchtála eile dá dtagraítear i mbosca 9b	Tabhair ainm branda na n-earraí, más infheidhme.	au..350	
<i>s</i>	Ainm Branda Táirgí_LNG	C	'É' má bhaintear úsáid as an réimse téacs comhfhreagrach	Tabhair an cód teanga a thugtar i Liosta cód 1 in Iarscríbhinn II chun an teanga atá le húsáid sa ghrúpa sonraí seo a shainiú.	a2	
<i>t</i>	Tréimhse Aibithe nó Aois na dTáirgí	R		I gcás deochanna biotáilleacha, ní mór an tréimhse aibithe nó an aois a bheith ag teacht leis an méid a luaitear sa tuairisc, sa chur i láthair agus sa lipéadú a dhéantar orthu, de réir mar a fhoráiltear in Airteagal 13(6) de Rialachán (AE) 2019/787.	au..350	
<i>u</i>	Tréimhse Aibithe nó Aois na	C	'É' má bhaintear úsáid as an réimse téacs comhfhreagrach	Tabhair an cód teanga a thugtar i Liosta cód 1 in Iarscríbhinn II chun an teanga atá le húsáid sa ghrúpa	a2	

		dTáirgí_LNG			sonraí seo a shainiú.	
	v	Dearbhú na dTáirgeoirí Beaga Neamhspleácha	R		<p>Maidir le deochanna alcólacha a tháirgeann táirgeoirí beaga neamhspleácha deimhnithe, cuirfear isteach an dearbhú maidir leis an gcineál dí alcólaí a údaraítear sa deimhniú i gcomhréir le hAirteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme 2021/2266 ón gCoimisiún i gcás ina bhfuil sé beartaithe ráta dleachta máil laghdaithe a éileamh sa Bhallstát cinn scribe.</p> <p>Maidir le deochanna alcólacha a tháirgeann táirgeoirí beaga neamhspleácha féindeimhnithe, cuirfear isteach an dearbhú maidir le stádas an táirgeora i gcomhréir le hAirteagal 4, Airteagal 5(1) agus Airteagal 5(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme 2021/2266 i gcás ina bhfuil sé beartaithe ráta dleachta máil laghdaithe a éileamh sa Bhallstát cinn scribe.</p>	au..350
	w	Dearbhú na dTáirgeoirí Beaga Neamhspleácha_LNG	C	‘É’ má bhaintear úsáid as an réimse téacs comhfhreagrach	Tabhair an cód teanga a thugtar i Liosta cód 1 in Iarscríbhinn II chun an teanga atá le húsáid sa ghrúpa sonraí seo a shainiú.	a2
17.1		PACÁISTE	É			99x
	a	Cód an Chineáil Pacáiste	É		Tabhair an cineál pacáiste, trí cheann de na cóid atá ar chódliosta 8 d’Iarscríbhinn II a úsáid.	au2
	b	An Líon Pacáistí	C	‘É’ má tá sé marcáilte ‘Inchomhairthe’	<p>Tabhair an líon pacáistí má tá na pacáistí inchomhairthe i gcomhréir le Liosta cód 8 in Iarscríbhinn II.</p> <p>I gcás inarb é ‘0’ an luach le haghaidh ‘An Líon Pacáistí’, beidh PACÁISTE amháin ar a laghad ann ar a bhfuil na ‘Marcálacha Seolacháin’ agus ‘an Líon</p>	n..15

					Pacáistí' céanna dar luach is airde ná '0'.	
	<i>c</i>	Aitheantas an tSéala Tráchtála	R		Tabhair sainaitheantas na séalaí tráchtála, má tá a leithéidí in úsáid chun na pacáistí a shéalú.	au..35
	<i>d</i>	Faisnéis faoin Séala	R		Tabhair aon fhaisnéis bhreise a bhaineann leis na séalaí tráchtála sin (e.g. na cineálacha séalaí a úsáideadh).	au..350
	<i>e</i>	Faisnéis faoin Séala_LNG	C	'É' má bhaintear úsáid as an réimse téacs comhfhreagrach	Tabhair an cód teanga a thugtar i Liosta cód 1 in Iarscríbhinn II chun an teanga atá le húsáid sa ghrúpa sonraí seo a shainiú.	a2
	<i>f</i>	Marcálacha Seolacháin	C	– 'É' más é '0' an Líon Pacáistí – 'R' seachas sin		au..999
<i>17.2</i>		<i>TÁIRGE FÍONA</i>	D	'É' le haghaidh táirgí fiona a áirítear i gCuid XII d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013		
	<i>a</i>	Catagóir Táirge Fíona	É		I gcás táirgí fiona a áirítear i gCuid XII d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, tabhair ceann de na luachanna seo a leanas: 1 = Fíon gan ATFC/TGFC, 2 = Fíon éagsúil gan ATFC/TGFC, 3 = Fíon le ATFC nó TGFC, 4 = Fíon allmhairithe,	u1

					5 = Eile.	
	<i>b</i>	Cód Limistéir Fionsaothraithe	R	‘É’ le haghaidh táirgí fíona i mbulc (méid ainmniúil atá níos mó ná 60 lítear)	Tabhair an limistéar fionsaothraithe as a dtagann an táirge arna iompar i gcomhréir le hAguisín 1 d’Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.	u..2
	<i>c</i>	Tríú Tír thionscnaimh	C	‘É’ más ionann Catagóir Táirge Fíona i mbosca 17.2a agus ‘4’ (fíon allmhairithe)	Tabhair ‘Cód Tíre’ dá dtagraítear i Liosta cód 3 in Iarscríbhinn II cé is moite de chód tíre Ballstáit de chuid an Aontais nó cód tíre críche a bhfuil feidhm ag Treoir (AE) 2020/262 inti.	a2
	<i>d</i>	Faisnéis Eile	R			au..350
	<i>e</i>	Eolas Eile_LNG	C	‘É’ má bhaintear úsáid as an réimse téacs comhfhreagrach	Tabhair an cód teanga a thugtar i Liosta cód 1 in Iarscríbhinn II chun an teanga atá le húsáid sa ghrúpa sonraí seo a shainiú.	a2
<i>17.2.1</i>		<i>Cód OIBRÍOCHTA FÍONA</i>	D	‘É’ le haghaidh táirgí fíona i mbulc (méid ainmniúil atá níos mó ná 60 lítear)		99x
	<i>a</i>	Cód Oibríochta Fíona	É		Tabhair ceann amháin nó níos mó de na ‘Cóid Oibríochta Fíona’ i gcomhréir leis an liosta atá i bpointe 2.1.(e)(ii) de chuid B d’Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2018/273.	u..2
<i>18</i>		<i>Deimhniú DOICIMÉID</i>	R			9x
	<i>a</i>	Tuairisc Ghairid ar an Doiciméad	C	‘É’ mura mbaintear úsáid as réimse sonraí 18c nó 18e	Tabhair tuairisc ar dheimhniú ar bith a bhaineann leis na hearraí arna n-iompar, mar shampla deimhniú a bhaineann leis an Ainmniúchán Tionscnaimh dá	au..350

					dtagraítear i mbosca 17l.	
<i>b</i>	Tuairisc Ghairid ar Dhoiciméad_LNG	C	‘É’ má bhaintear úsáid as an réimse téacs comhfhreagrach		Tabhair an cód teanga a thugtar i Liosta cód 1 in Iarscríbhinn II chun an teanga atá le húsáid sa ghrúpa sonraí seo a shainiú.	a2
<i>c</i>	Tagairt Doiciméid	C	‘É’ mura mbaintear úsáid as réimse sonraí 18a nó 18e		Tabhair tagairt do dheimhniú ar bith a bhaineann leis na hearraí arna n-iompar.	au..350
<i>d</i>	Tagairt Doiciméid_LNG	C	‘É’ má bhaintear úsáid as an réimse téacs comhfhreagrach		Tabhair an cód teanga a thugtar i Liosta cód 1 in Iarscríbhinn II chun an teanga atá le húsáid sa ghrúpa sonraí seo a shainiú.	a2
<i>e</i>	Cineál Doiciméid	C	‘É’ mura mbaintear úsáid as réimse sonraí 18a nó 18c		Tabhair an cód cineáil doiciméid a thugtar i Liosta cód 15 in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2016/323 ón gCoimisiún ⁹ .	au..4
<i>f</i>	Tagairt an Doiciméid	C	‘É’ má úsáidtear Cineál Doiciméid i mbosca 18e			au..35

⁹ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/323 ón gCoimisiún an 24 Feabhra 2016 lena leagtar síos rialacha maidir le comhar agus malartú faisnéise idir Ballstáit maidir le hearraí a bhfuil an dleacht mháil ina leith ar fionraí de bhun Rialachán (AE) Uimh. 389/2012 ón gComhairle (IO L 66, 11.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2016/323/oj).

Tábla 2

(dá dtagraítear in Airteagal 5)

An doiciméad riaracháin leictreonach a chealú (ní bhaineann le e-SAD)

A	B	C	D	E	F	G
1		<i>AITREABÚID</i>	É			
	a	Dáta agus Am Bailíochtaithe an chealaithe	C	Le cur ar fáil ag údaráis inniúla an Bhallstáit seolta nuair a bheidh bailíochtú na dréacht-teachtaireachta cealaithe déanta	Am áitiúil is ea an t-am seolta	dáta agus am
2		<i>GLUISEACHT MHÁIL e-AD</i>	É			
	a	ARC	É		Tabhair ARC an e-AD dá n-iarrtar an cealú	au21
3		<i>CEALÚ</i>	É			
	a	Cód Cúise Cealaithe	É		Tabhair an chúis leis an e-AD a chealú, trí úsáid a bhaint as na cóid atá in Iarscríbhinn II, Liosta cód 9	u1
	b	Faisnéis Chomhlántach	C	— ‘É’ más ionann Cúis leis an gCealú agus ‘0’ — ‘R’ más ionann Cúis leis an gCealú agus 1, 2, 3 nó 4 <i>(Féach bosca 3.a)</i>	Tabhair aon fhaisnéis bhreise a bhaineann le cealú an e-AD	au..350
	c	Faisnéis Chomhlántach_LNG	C	‘É’ má bhaintear úsáid as an réimse téacs comhfhreagrach	Tabhair an cód teanga a thugtar i Liosta cód 1 in Iarscríbhinn II chun an teanga atá le húsáid sa ghrúpa sonraí seo a shainiú	a2

Tábla 3

(dá dtagraítear in Airteagal 6 agus in Airteagal 9(2))

Teachtaireachtaí maidir leis an athrú cinn scríbe

A	B	C	D	E	F	G
1		<i>AITREABÚID</i>	É			
	<i>a</i>	Dáta agus Am Bailíochtaíthe an Athraithe Cinn Scríbe	C	Le cur ar fáil ag údaráis inniúla an Bhallstáit seolta nuair a dhéanfar an dréacht-teachtaireacht um athrú cinn scríbe a bhailíochtú	Am áitiúil is ea an t-am seolta.	dáta agus am
2		<i>Nuashonrú e-AD/e-SAD</i>	É			
	<i>a</i>	Sraithuimhir	C	Le cur ar fáil ag údaráis inniúla an Bhallstáit seolta nuair a dhéanfar an dréacht-teachtaireacht um athrú cinn scríbe a bhailíochtú	Socraítear í ag 1 agus an bailíochtú tosaigh á dhéanamh ar an e-AD/e-SAD, agus ansin cuirtear 1 d'incrimint léi le gach athrú cinn scríbe.	u..2
	<i>b</i>	ARC	É		Tabhair ARC an e-AD/e-SAD ar athraíodh an ceann scríbe ann.	au21
	<i>c</i>	Fad an turais	D	'É' nuair a athraíonn fad an turais tar éis an athraithe ar cheann scríbe	Tabhair an gnáthfhad ama is gá le haghaidh an turais, agus an chóir iompair agus an fad bealaigh i gceist á gcur san áireamh, arna léiriú in uaireanta (H) nó laethanta (D) agus uimhir dhá dhigit ina dhiaidh (samplaí: H12, nó D04). Beidh an tásca le haghaidh 'H' níos lú ná 24 nó cothrom leis. Beidh an tásca le haghaidh 'D' níos lú ná luachanna féideartha Uasfhad Ama an Turais de réir an Chóid Modha Iompair atá i gcóidliosta 12 in Iarscríbhinn II nó cothrom leo.	au3

<i>d</i>	Socrú Iompair Athraithe Socrú	D	‘É’ nuair a athraítear an duine atá freagrach as na hathruithe iompair a shocrú tar éis an athraithe ar cheann scríbe	Sainigh an duine atá freagrach as an iompar a eagrú trí cheann de na luachanna seo a leanas a úsáid: 1 = Coinsíneoir, 2 = Coinsíní, 3 = Úinéir earraí, 4 = Eile.	u1
<i>e</i>	Uimhir an tsonraisce	D	‘É’ nuair a athraíonn sonrasc tar éis an athraithe ar cheann scríbe	Tabhair uimhir an tsonraisce a bhaineann leis na táirgí. Mura bhfuil an sonrasc ullmhaithe fós, tabharfar uimhir an nóta seachadta nó uimhir aon doiciméid iompair eile.	au..35
<i>f</i>	Dáta an tSonraisce	R	Féadfaidh an Ballstát seolta cinneadh a dhéanamh ‘É’ a lua leis na sonraí seo nuair a athraítear uimhir an tsonraisce tar éis an athraithe ar cheann scríbe	Dáta an doiciméid atá léirithe i mbosca 2e.	dáta
<i>g</i>	Cód Modha Iompair	C	‘É’ nuair a athraíonn an Modh Iompair tar éis an athraithe ar cheann scríbe ‘É’ má thugtar Cód Cineáil Ráthóra agus más é atá ann ‘Níl aon ráthaíocht tugtha de réir Airteagal 17(2) agus 17(5)(b) de Threoir (AE) 2020/262’ ‘R’ seachas sin	Tabhair an modh iompair trí na cóid i gcóidliosta 6 in Iarscríbhinn II a úsáid. Más rud é gurb é ‘Níl aon ráthaíocht tugtha de réir Airteagal 17(2) agus 17(5)(b) de Threoir (AE) 2020/262’ an Cód Cineáil Ráthóra atá i mbosca 7a (má thugtar a leithéid) nó san e-AD deiridh (bosca 11a de Thábla 1) nó sa teachtaireacht deiridh ‘Athrú Cinn Scríbe’ (bosca 7b) a léirigh gur athraíodh áit an tseachadta, más ann dá leithéid, is é an Cód Modha Iompair nach mór a bheith ann ‘Suiteáil Sheasta Iompair’ nó ‘Iompar Mara’.	u..2
<i>h</i>	Faisnéis	C	‘É’ más ‘Eile’ é an Cód Modha Iompair atá tugtha	Tabhair tuairisc théacsúil ar an modh iompair.	au..350

		Chomhlántach				
	<i>i</i>	Faisnéis Chomhlántach_LN G	C	‘É’ má bhaintear úsáid as an réimse téacs comhfhreagrach	Tabhair an cód teanga a thugtar i Liosta cód 1 in Iarscríbhinn II chun an teanga atá le húsáid sa ghrúpa sonraí seo a shainiú.	a2
3		<i>Ceann Scríbe ATHRAITHE</i>	É			
